2025/1344

10.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1344 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2025

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 a mhéid a bhaineann le bearta taraife le haghaidh earraí talmhaíochta áirithe de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise nó a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach ón mBealarúis agus ón Rúis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79 (CE) Uimh.1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha chun iad a bhainistiú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún ([4]), osclaítear taraif-chuótaí le haghaidh fíona agus déantar foráil maidir lena riar.

(4) D'fhéadfadh an tAontas a bheith i mbaol gníomhaíochtaí comhéigneacha ón Rúis dá leanfaí de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a allmhairiú ón Rúis faoi na coinníollacha reatha. Go háirithe, le méadú féideartha ar allmhairiú na n-earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ón Rúis, d'fhéadfaí cur isteach ar mhargadh an Aontais agus tionchar diúltach a imirt ar tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an Rialachán sin, tugadh bearta taraife isteach chun aghaidh a thabhairt ar spleáchas eacnamaíoch reatha agus ionchasach an Aontais ar allmhairiú na n-earraí lena mbaineann ón Rúis.

(5) Le Rialachán (AE) 2025/1227, tugadh isteach freisin bearta taraife i leith allmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin ón mBealarúis.

(6) Is iomchuí na bearta taraife sin a léiriú i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus i Rialachán (CE) Uimh. 218/2007.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh.510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistithe na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2007 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail le haghaidh fíona agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 62, 1.3.2007, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/218/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2025 maidir le modhnú dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó a n-onnmhairiú go díreach nó go hindíreach uathu (IO L, 2025/1227, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1227/oj).

(7) Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le líonadh isteach Roinn 8 'Tír thionscnaimh' agus Roinn 24 'Coinníoll speisialta' le haghaidh foirmeacha iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin agus foirmeacha le haghaidh ceadúnas, maidir leis an léiriú ar thír tionscnaimh na n-earraí. Dá bhrí sin, ba cheart boscaí ábhartha na dtaraif-chuótaí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 a leasú dá réir.

(9) Tháinig Rialachán (AE) 2025/1227 i bhfeidhm an 21 Meitheamh 2025 agus beidh feidhm aige ón 20 Iúil 2025 i leith na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Chun bainistiú éifeachtach agus cur i bhfeidhm tráthúil na mbeart taraife a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú do na táirgí talmhaíochta lena mbaineann, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe agus feidhm a bheith aige ón 20 Iúil 2025.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, IV, VI, VII, VIII, IX, X, XI agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) leasaítear mar a leanas na táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4003, 09.4038, 09.4067, 09.4068, 09.4069, 09.4070, 09.4138, 09.4148, 09.4166, 09.4168, 09.4320, 09.4401, 09.4402, 09.4422 agus 09.4595:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas "Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Rúise agus na Ríochta Aontaithe" ar na ceadúnais'

(2) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4119 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an India, an Phacastáin, an Rúis, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas "Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na hIndia, na Pacastáine, na Rúise, na Téalainne, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Ríochta Aontaithe" ar na ceadúnais'

(3) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4130 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Bhealarúis, an Rúis, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAstráile, na Bealarúise, na Rúise, na Téalainne, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Ríochta Aontaithe' ar na ceadúnais'

(4) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4154 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Bhealarúis, an Ghuáin, an Rúis, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas "Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAstráile, na Bealarúise, na Guáine, na Rúise, na Téalainne, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Ríochta Aontaithe' ar na ceadúnais"

(5) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4287 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Airgintín, an Bhealarúis, an tSín, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas "Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAirgintíne, na Bealarúise, na Síne, na Rúise agus na Ríochta Aontaithe2 ar na ceadúnais'

(6) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4286 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an tSín, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca ‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas’:

‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas ‘Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Síne, na Rúise agus na Ríochta Aontaithe’ ar na ceadúnais’

(7) leasaítear an tábla a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4213 agus 09.4412 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’:

‘Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Airgintín, an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Rúis, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe’

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca ‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas’:

‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas ‘Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAirgintíne, na Bealarúise, na Brasaíle, na Rúise, na Téalainne agus na Ríochta Aontaithe’ ar na ceadúnais’

(8) leasaítear an tábla a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4216 agus 09.4260 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’:

‘Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Rúis, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe’

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca ‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas’:

‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas ‘Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Brasaíle, na Rúise, na Téalainne agus na Ríochta Aontaithe’ ar na ceadúnais’

(9) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4218 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’:

‘Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe’

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca ‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas’:

‘Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas ‘Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Brasaíle, na Rúise agus na Ríochta Aontaithe’ ar na ceadúnais’

(10) leasaítear an tábla a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4263 agus 09.4265 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Rúis, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Rúise, na Téalainne agus na Ríochta Aontaithe' ar na ceadúnais'

(11) leasaítear an tábla a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4266 agus 09.4267 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an tSín agus an Rúis'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Síne agus na Rúise' ar na ceadúnais'

(12) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4268 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh':

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis agus an Rúis'

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise agus na Rúise' ar na ceadúnais'

(13) sna táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4120, 09.4121, 09.4122, 09.4131 agus 09.4133, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, na Rúise agus na Ríochta Aontaithe' ar na ceadúnais'

(14) sa tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4125, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Bealarúise, Cheanada, na Rúise, na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá' ar na ceadúnais'

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sna táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.0025, 09.0027, 09.0033, 09.0035, 09.0039, 09.0040, 09.0041, 09.0043, 09.0055, 09.0056, 09.0057, 09.0058, 09.0059, 09.0060, 09.0061, 09.0062, 09.0063, 09.0067, 09.0083, 09.0089, 09.0092, 09.0093, 09.0094, 09.0113, 09.0114, 09.0115, 09.0118, 09.0119, 09.0120, 09.0121, 09.0122, 09.0123, 09.0132, 09.0135, 09.0139, 09.0147, 09.0148, 09.0149, 09.0150, 09.0151, 09.0152, 09.0154, 09.0159, 09.0160, 09.0161, 09.0162, 09.0163, 09.0164, 09.2016, 09.2019, 09.2178, 09.2179 agus 09.2181:'

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sa tábla a thagraíonn don taraif-chuóta a bhfuil dar sraithuimhir 09.0128:

'Áit tionscnaimh	Tríú tíortha ar comhaltaí iad de EDT ach amháin an tSín, an Indinéis, an Rúis, an Téalainn, agus an Ríocht Aontaithe'

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sna táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.0129 agus 09.0130:

'Áit tionscnaimh	Tríú tíortha nach comhaltaí iad de EDT ach amháin an Bhealarúis'

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sa tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0131:

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an tSín, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sa tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0142:

'Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Airgintín, an Bhealarúis, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe'

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’ sna táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.2171, 09.2175 agus 09.2015:

‘Áit tionscnaimh	Gach comhalta de EDT ach amháin an Airgintín, an Astráil, an tSile, an Ghraonlainn, an Íoslainn, an Nua-Shéalainn, an Rúis, an Ríocht Aontaithe agus Uragua’

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’ sna táblaí a thagraíonn do na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.0156 agus 09.0158:

‘Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe’

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’ sa tábla a thagraíonn don taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.0157:

‘Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Bhrasaíl, an Rúis, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe’

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 218/2007

Leasaítear Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear na focail ‘(gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe)’ in ionad na bhfocal ‘(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)’;

(2) i bpointe (b), cuirtear na focail ‘(gach tríú tír ach amháin an Bhealarúis, an Rúis agus an Ríocht Aontaithe)’ in ionad na bhfocal ‘(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)’.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 20 Iúil 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN